Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**7628/24**
**COR 1 (en,fr,de,it,nl,da,es,pt,fi,sv,cs,et,lv,lt,hu,mt,nl,pl,sk,sl,bg,ro,hr,ga)**

**ENV 283**
**SAN 149**
**CONSOM 101**
**AGRI 206**
**DELACT 50**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2024) 1454 final/2 |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 11.3.2024<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2024) 1454 final/2.

---

Faoi iamh: C(2024) 1454 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 11.3.2024
C(2024) 1454 final/2

This document corrects document C(2024)1454 final of 11.3.2024.
It concerns all language versions of the annex, except the Greek version.
Point (3), first paragraph, under the heading 'Identification of potential hazards and hazardous events' in the annex was missing.
The text shall read as follows:

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 11.3.2024**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá níos mó agus níos mó brú ag teacht ar acmhainní uisce an Aontais, rud a fhágann strus maidir le huisce i roinnt Ballstát. Ina theannta sin, tá athrú aeráide, patrúin aimsire athraitheacha agus triomach ag cur go suntasach leis an mbrú ar infhaighteacht fionnuisce. I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, tagraítear sa Phlean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach[1] agus i Straitéis nua an Aontais maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide[2] d'athúsáid níos leithne fuíolluisce cóireáilte mar phríomhuirlis chun feabhas a chur ar an gcumas atá ag an Aontas freagairt do na brúnna méadaitheacha ar acmhainní uisce. Leis an gcleachtas sin, is féidir aistarraingtí ó uiscí dromchla agus screamhuisce a theorannú, caomhnú uisce a chur chun cinn chun cabhrú le timthriall níos fónta uisce a athbhunú, i gcomhréir leis an gcuspóir uileghabhálach athléimneachta a chuir an tAontas Eorpach chun cinn ag Comhdháil Uisce na Náisiún Aontaithe i mí an Mhárta 2023.

Tagraíonn reachtaíocht atá ann cheana do chleachtas athúsáide uisce. I dTreoir Réime 2000/60/CE maidir le hUisce[3], luaitear athúsáid uisce, in éineacht le cur chun cinn úsáid teicneolaíochtaí atá éifeachtúil ó thaobh uisce de i dtionscail agus i dteicnící uiscithe atá coigilteach ar uisce, mar cheann de na bearta forlíontacha a fhéadfaidh na Ballstáit a roghnú a cur i bhfeidhm chun cuspóirí dea-stádas uisce cáilíochtúil agus cainníochtúil le haghaidh dobharlaigh dromchla agus dobharlaigh screamhuisce a bhaint amach. Ceanglaítear le Treoir 91/271/CEE maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh[4] go ndéanfar fuíolluisce cóireáilte a athúsáid aon uair is iomchuí. Leis an athbhreithniú reachtach atá ar siúl faoi láthair, neartaítear an ceanglas sin.

Is príomheilimint sábháilteachta í bainistíocht láidir riosca chun muinín an phobail sa chleachtas seo a chothú.

*Forálacha bainistithe riosca sa Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce*

Le Rialachán 2020/741 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce[5] (dá ngairtear an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce anseo feasta), leagtar amach íoscheanglais chomhchuibhithe maidir le cáilíocht uisce le haghaidh fuíolluisce uirbeach cóireáilte a athúsáid uisce go sábháilte le haghaidh uisciú talmhaíochta. Leagtar amach ann freisin íoscheanglais faireacháin, forálacha bainistithe riosca chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'A new Circular Economy Action Plan for a cleaner and more competitive Europe' [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach i gcomhair Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020) 98 final).

[2] Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions, Forging a climate-resilient Europe- the new EU Strategy on Adaptation to Climate Change [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Eoraip atá seasmhach ó thaobh na haeráide de a chruthú – straitéis nua an Aontais Eorpaigh maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide] (COM/2021/82 final).

[3] Treoir 2000/60/CE lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj)

[4] Treoir 91/271/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1991 maidir le cóireáil fuíolluisce uirbigh (IO L 135, 30.5.1991, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1991/271/oj)

[5] Rialachán (AE) Uimh. 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce (IO L 177, 5.6.2020, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/741/oj)

breise sláinte agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann agus aghaidh a thabhairt orthu, ceanglais agus forálacha ceadaithe maidir le trédhearcacht, trína gcuirtear príomhfhaisnéis maidir le gach tionscadal athúsáide uisce ar fáil don phobal.

Faoi Airteagal 6(1) den Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce, tá táirgeadh agus soláthar uisce athshlánaithe faoi réir ceada. Ní mór ceadanna a bheith bunaithe ar phlean bainistithe riosca (Airteagal 6(3)), plean nach mór na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 5 a urramú. Ina theannta sin, liostaítear in Iarscríbhinn II na príomheilimintí uile nach mór aghaidh a thabhairt orthu i bplean bainistithe riosca. Chun bainistiú riosca a dhéanamh, ní mór rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú ar bhealach réamhghníomhach. Trí anailís bunaithe ar phríomheilimintí Iarscríbhinn II, ba cheart do phlean bainistithe riosca aon cheanglas cáilíochta uisce breise is gá a shainaithint chun cosaint leordhóthanach do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol a áirithiú. Agus é á aithint gur cleachtadh casta é bainistiú riosca, tugtar de chumhacht don Choimisiún leis an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce sonraíochtaí teicniúla na bpríomheilimintí d'Iarscríbhinn II a fhorbairt. Ba cheart na sonraíochtaí teicniúla sin a bheith i gcomhréir freisin le treoirlínte agus caighdeáin idirnáisiúnta, amhail na treoirlínte agus na caighdeáin sin arna dtáirgeadh ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Rinneadh an Rialachán Tarmligthe sin a fhorbairt bunaithe ar roinnt staidéar teicniúil - lena n-áirítear na tuarascálacha '*Minimum quality requirements for water reuse in agricultural irrigation and aquifer recharge – Towards a legal instrument on water reuse at EU level* [Íoscheanglais cháilíochta maidir le hathúsáid uisce in uisciú talmhaíochta agus in athluchtú uiscíoch - I dtreo ionstraim dhlíthiúil maidir le hathúsáid uisce ar leibhéal an Aontais]'[6] agus '*Technical Guidance – Water Reuse Risk Management for Agricultural Irrigation Schemes in Europe* [Treoraíocht Theicniúil - bainistíocht riosca athúsáide uisce le haghaidh scéimeanna uiscithe talmhaíochta san Eoraip]'[7] a d'ullmhaigh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde - agus bunaithe ar threoirlínte agus ar chaighdeáin arna sainaithint go hidirnáisiúnta, go sonrach Lámhleabhar Pleanála Sábháilteachta Sláintíochta EDS[8], ISO 20426 (2018)[9], ISO 16075-1 go 2 (2020)[10] agus Treoirlínte na hAstráile maidir le hAthchúrsáil Uisce (2006)[11].

---

6 Alcalde-Sanz, L. agus Gawlik, B.M., *Minimum quality requirements for water reuse in agricultural irrigation and aquifer recharge - Towards a legal instrument on water reuse at EU level* [Íoscheanglais cháilíochta maidir le hathúsáid uisce in uisciú talmhaíochta agus in athluchtú uiscíoch - I dtreo ionstraim dhlíthiúil maidir le hathúsáid uisce ar leibhéal an Aontais], an Coimisiún Eorpach, Lucsamburg, 2017, JRC109291.

7 Maffettone, R. agus Gawlik, B.M., *Technical guidance: water reuse risk management for agricultural irrigation schemes in Europe* [Treoraíocht theicniúil: bainistíocht riosca athúsáide uisce le haghaidh scéimeanna uiscithe talmhaíochta san Eoraip], An Coimisiún Eorpach, Lucsamburg, 2022, JRC 129596.

8 WHO, *Sanitation safety planning: manual for safe use and disposal of wastewater, greywater and excreta* [Pleanáil sábháilteachta sláintíochta: lámhleabhar le haghaidh úsáid agus diúscairt shábháilte fuíolluisce, uisce liath agus eisfhearadh], an Ghinéiv, 2016.

9 ISO 20426, 2018. Treoirlínte maidir le measúnú riosca sláinte agus bainistiú sláinte le haghaidh athúsáid uisce neamh-inólta.

10 Treoirlínte ISO 16075-1:2020 maidir le húsáid fuíolluisce chóireáilte le haghaidh tionscadal uiscithe — Cuid 1: An bunús do thionscadal athúsáide le haghaidh uiscithe; ISO 16075-2:2020 *Guidelines for treated wastewater use for irrigation projects — Part 2*: *Development of the project* [Treoirlínte maidir le húsáid fuíolluisce chóireáilte le haghaidh tionscadal uiscithe - Cuid 2: Forbairt an tionscadail].

11 NRMMC–EPHC–AHMC, *Australian guidelines for water recycling: managing health and environmental risks (phase 1). National Water Quality Management Strategy*, Canberra, 2006.

Idir mí na Bealtaine agus mí na Samhna 2021, eagraíodh cúig cheardlann theicniúla maidir le bainistiú riosca le haghaidh athúsáid uisce. Thug siad deis d'údaráis, do chuideachtaí cóireála uisce agus do pháirtithe leasmhara eile saincheisteanna a phlé agus a ardú. Bhí bailiúchán cás-staidéar mar thoradh orthu, bailiúchán is féidir a fheiceáil sa Treoraíocht Theicniúil thuasluaite ón Airmheán Comhpháirteach Taighde.

Bhí dlúthbhaint ag saineolaithe ó údaráis na mBallstát agus páirtithe leasmhara a bailíodh sa Mheitheal um Athúsáid Uisce, a bunaíodh faoin Straitéis Choiteann Cur Chun Feidhme (CIS)[12], leis an bplé teicniúil ar na sonraíochtaí maidir le bainistiú riosca. Bhí dlúthbhaint ag an nGrúpa Saineolaithe um Uisce agus Tuilte[13] sna pléití agus tugadh an deis dó barúil a thabhairt ar an dréacht-Rialachán Tarmligthe agus ar na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach ann. Reáchtáladh cruinnithe ullmhúcháin an 17-18 Samhain 2022, an 13-14 Márta 2023 (an Meitheal um Athúsáid Uisce) agus an 16 Deireadh Fómhair 2023 (an Grúpa Saineolaithe).

Bhí an dréacht-Rialachán Tarmligthe oscailte le haghaidh aiseolas ón bpobal idir 11/1/2024 agus 8/2//2024. Fuarthas 32 aighneacht ar an iomlán: 6 ó údaráis phoiblí, 2 ó institiúidí taighde, 14 ó chomhlachais ghnó, 3 ó eagraíochtaí neamhrialtasacha agus 7 ó shaoránaigh. Léirigh líon beag aighneachtaí go raibh siad i gcoinne phrionsabal na hathúsáide uisce seachas tuairim a sholáthar maidir leis na sonraíochtaí teicniúla. In aighneachtaí eile iarradh paraiméadair shonracha a leagan amach, sa bhreis ar na híoscheanglais a leagtar amach sa Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce. D'ofráil ceann amháin eile moltaí sonracha a chuidigh le cáilíocht an dréachtaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Déantar foráil in Airteagal 5(5) den Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce maidir leis an mbunús dlí chun an Rialachán Tarmligthe seo a ghlacadh. Go sonrach, le hAirteagal 5(5) tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán chun sonraíochtaí teicniúla na bpríomheiliminti do bhainistiú riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II den Rialachán céanna a leagan síos.

Déantar an Rialachán Tarmligthe seo a struchtúrú mar a leanas:

- Luaitear in Airteagal 1 go leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sonraíochtaí teicniúla na bpríomheilimintí do bhainistiú riosca d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le hAthúsáid Uisce.
- Leagtar amach in Airteagal 2 dáta theacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht an Rialacháin Tarmligthe seo.
- Ar deireadh, leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe seo, soláthraítear na sonraíochtaí teicniúla is gá maidir le príomheilimintí uile bainistithe riosca, chun é a chur ar a chumas do na páirtithe freagracha pleananna láidre bainistithe riosca a tharraingt suas agus sábháilteacht tionscadal athúsáide uisce a áirithiú.

---

[12] https://circabc.europa.eu/ui/group/9ab5926d-bed4-4322-9aa7-9964bbe8312d/library/dd9b4484-2935-4ee8-b3ce-72f844f3644c

[13] Arna fhoilsiú sa Chlár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'Eintitis eile den Chineál Céanna, códuimhir E03687.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 11.3.2024**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le sonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2020/741 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 2020 maidir le híoscheanglais le haghaidh athúsáid uisce[14], agus go háirithe Airteagal 5(5), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach le Rialachán (AE) 2020/741 na híoscheanglais maidir le hathúsáid shábháilte uisce le haghaidh uisciú talmhaíochta. Le hAirteagal 6 den Rialachán sin ceanglaítear go mbeidh táirgeadh agus soláthar uisce athshlánaithe faoi réir ceada, agus go mbeidh an cead sin bunaithe ar phlean bainistithe riosca. Le hAirteagal 5(3) den Rialachán sin ceanglaítear go mbeidh na pleananna bainistithe riosca um athúsáid uisce bunaithe ar eilimintí an bhainistithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) D’fhéadfadh sé a bheith casta plean bainistithe riosca um athúsáid uisce a fhorbairt, rud a éilíonn cur chuige ildisciplíneach agus rannpháirtíocht roinnt gníomhaithe in ullmhú an phlean. Ar an gcúis sin, is gá sonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/741 a leagan síos chun a áirithiú go mbeidh na pleananna bainistithe riosca um athúsáid uisce láidir, ar ardcháilíocht, agus bunaithe ar chur chuige córasach. Is é is aidhm dó a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe an chaoi ar cheart d’údair an phlean bainistithe riosca agus do na measúnóirí riosca atá páirteach i mbunú an phlean na príomheilimintí uile a bhreithniú go hiomchuí trí anailís struchtúrtha agus chuimsitheach a dhéanamh ar an gcóras athúsáide uisce. Ba cheart é a bheith indéanta na prótacail measúnaithe agus bainistithe riosca atá ann cheana a úsáid chun plean bainistithe riosca a ullmhú, ar choinníoll go n-urramaítear na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe seo.

(3) Ionas go soláthraítear fianaise dhaingean leis na pleananna bainistithe riosca chun tacú le bearta coisctheacha agus bacainní a bhunú agus chun a áirithiú go mbeidh uisciú le huisce athshlánaithe sábháilte do shláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus an

[14] IO L 177, 5.6.2020, lgh. 32–55

comhshaol, ba cheart tacú leis an bhfianaise eolaíoch is iontaofa atá ar fáil agus le foinsí tacaíochta eile, agus iad lándoiciméadaithe sa phlean bainistithe riosca.

(4) D’fhéadfadh córais athúsáide uisce atá i bhfeidhm sna Ballstáit a bheith éagsúil ina mbunú agus d’fhéadfadh sé freastal ar líon mór úsáideoirí deiridh. Thairis sin, féadfaidh plean bainistithe riosca aonair níos mó ná córas athúsáide uisce amháin a chumhdach, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2020/741. Ba cheart do shonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca a bheith solúbtha go leor chun freastal ar na difríochtaí sin, agus san am céanna forléargas cuimsitheach ar an gcóras agus faisnéis leordhóthanach a sholáthar chun gur féidir na rioscaí féideartha go léir lena mbaineann a shainaithint.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

Leagtar amach sonraíochtaí teicniúla phríomheilimintí an bhainistithe riosca a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2020/741 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11.3.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*